Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8146/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0075 (NLE)**

**POLCOM 131**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 130 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar na táirgí íocshláinte nó mar na drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 130 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 130 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.4.2026
COM(2026) 130 final

2026/0075 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar na táirgí íocshláinte nó mar na drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála ('CETA' nó 'an Comhaontú') idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ('na Páirtithe'), i ndáil le cinneadh a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó mar dhrugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála

Is é is aidhm do CETA an trádáil agus an infheistíocht a léirscaoileadh agus a éascú, agus caidreamh eacnamaíoch níos dlúithe idir an Aontas Eorpach agus Ceanada a chur chun cinn. Síníodh CETA an 30 Deireadh Fómhair 2016 agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 21 Meán Fómhair 2017 ann.

Sa Chomhaontú tá an Prótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta a ghabhann leis an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála ('an Prótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta'), arb é is aidhm dó an comhar idir údaráis na bPáirtithe a neartú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh táirgí íocshláinte agus drugaí na caighdeáin cháilíochta iomchuí trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe comhlíontachta le dea-chleachtais mhonaraíochta.

### 2.2. Comhchoiste CETA

Bunaítear Comhchoiste CETA faoi Airteagal 26.1 den Chomhaontú agus tá ionadaithe ón Aontas agus ó Cheanada air. Tá Coiste Comhpháirteach CETA freagrach as gach ceist maidir le trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe agus as cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 26.1(5)(c) den Chomhaontú, féadfaidh Comhchoiste CETA 'leasuithe a mheas nó a chomhaontú mar a fhoráiltear sa Chomhaontú seo'. Ar an ábhar céanna, foráiltear le hAirteagal 30.2 den Chomhaontú go bhféadfaidh Comhchoiste CETA 'a chinneadh prótacail agus iarscríbhinní an Chomhaontaithe seo a leasú', lena n-áirítear an Prótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta. De bhun Airteagal 26.3(3) den Chomhaontú, is de chomhthoil na bPáirtithe a dhéanfar an cinneadh sin.

I gcomhréir le Riail 10.2 de Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste CETA, sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh Comhchoiste CETA cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn má chinneann na Páirtithe sa Chomhaontú amhlaidh de chomhthoil. Chun na críche sin, scaipfear téacs an togra i scríbhinn ó na comhchathaoirligh ar chomhaltaí Chomhchoiste CETA de bhun na gceanglas comhfhreagrais faoi Riail 7 de Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste CETA, agus beidh teorainn ama ann faoina gcuirfidh comhaltaí aon ábhar imní nó aon leasú is mian leo in iúl. Cuirfear tograí glactha in iúl de bhun na gceanglas comhfhreagrais céanna a luaithe a bheidh an teorainn ama caite agus taifeadtar iad i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile.

## 2.3. An gníomh ó Chomhchoiste CETA atá beartaithe

I mír 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta, liostaítear comhábhair ghníomhacha chógaisíochta mar tháirgí íocshláinte nó mar dhrugaí faoi raon feidhme an Phrótacail maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta, ach ní áirítear iad ina raon feidhme oibríochtúil go fóill, agus ní áireofar go dtí go ndéanfaidh na Páirtithe measúnú orthu. Luaitear in Airteagal 15(6) den Phrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta go ndéanfaidh an Grúpa Comhpháirteach Earnála athbhreithniú ar raon feidhme oibríochtúil táirgí íocshláinte nó drugaí, d'fhonn iad siúd a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a áireamh.

Le litir dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2018, d'iarr Ceanada go n-áireofaí é ar liosta tríú tíortha lena n-áirithítear leibhéal coibhéiseach cosanta don tsláinte phoiblí a mhéid a bhaineann leis an gcreat rialála is infheidhme maidir le substaintí gníomhacha a onnmhairítear chuig an Aontas agus leis na gníomhaíochtaí rialaithe agus forfheidhmiúcháin ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 111b(1) de Threoir 2001/83/CE[1]. Chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarraidh Cheanada, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an doiciméadacht ábhartha agus rinne sé iniúchadh ar an láthair i gCeanada i mí an Mheithimh 2022.

Ar bhonn an mheasúnaithe sin, leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/715/AE le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/172 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2023 chun Ceanada a áireamh ar an liosta de thríú tíortha chun substaintí gníomhacha a allmhairiú. Mar thoradh air sin, de bhun Airteagal 46b(3) de Threoir 2001/83/CE, ní cheanglaítear a thuilleadh ar allmhaireoirí comhábhar gníomhach cógaisíochta a mhonaraítear i gCeanada deimhniú i scríbhinn a sholáthar, mar a fhoráiltear faoi Airteagal 46b(2)(b) den Treoir sin.

Ó thaobh Cheanada de, rinne Health Canada measúnú ar údaráis inniúla na mBallstát trí bhíthin ceistneora. Foilsíodh conclúid an mheasúnaithe agus an t-aitheantas ina dhiaidh sin do na 24 Bhallstát uile a ndearnadh measúnú orthu i dtuarascáil ó Health Canada i mí Feabhra 2023.

Ar bhonn na measúnuithe cómhalartacha ar a dtugtar tuairisc thuas, mheas an Grúpa Comhpháirteach Earnála, a bunaíodh faoi Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta, an 15 Nollaig 2022 gur coibhéiseach iad creat rialála agus córas maoirseachta an Aontais agus Cheanada araon a bhfuil feidhm acu maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta. Dá bhrí sin, an tráth sin, mhol an Grúpa Comhpháirteach Earnála go n-áireofaí comhábhair ghníomhacha chógaisíochta mar tháirgí íocshláinte nó mar dhrugaí a liostaítear i raon feidhme oibríochtúil an Phrótacail maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta. Le cuimsiú den sórt sin, cheanglófaí ar Cheanada aitheantas a thabhairt do dheimhnithe AE maidir le Dea-chleachtas Monaraíochta le haghaidh comhábhair ghníomhacha chógaisíochta, rud a dhéanfadh cómhalartú ar na tairbhí a bhaineann sé cheana féin as é a áireamh ar liosta na dtíortha aitheanta faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2012/715/AE.

Sa chomhthéacs sin, tá Comhchoiste CETA le Cinneadh a ghlacadh maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó mar dhrugaí a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta ('an gníomh atá beartaithe'). Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 26.3.2 de CETA, faoi réir aon cheanglas agus nós imeachta inmheánach is gá a thabhairt chun críche.

---

1 IO L 311, 28.11.2001, lch. 67.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe raon feidhme oibríochtúil an Phrótacail maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta a leathnú trí comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a chur san áireamh ann. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chigireachtaí agus glacadh le doiciméid oifigiúla, go laghdófaí na costais a eascraíonn as cigireachtaí dúblacha agus go mbeadh acmhainneacht shaor ag údaráis an Aontais agus Cheanada chun díriú ar chigireachtaí ar mhonaróirí ardriosca i dtíortha eile.

Dá bhrí sin, is iomchuí tacú le glacadh an ghnímh atá beartaithe chun a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú chun feidhme go héifeachtach.

Luíonn an seasamh atá beartaithe le beartais, rialacha nó tionscnaimh eile de chuid an Aontais.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[2].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste CETA a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá CETA.

Gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis is ea an gníomh atá beartaithe. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 26.3.2 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm

---

2 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, is ceart a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar raon feidhme oibríochtúil an Phrótacail maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta leis an ngníomh ó Chomhchoiste CETA, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2026/0075 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar na táirgí íocshláinte nó mar na drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle[3], déantar foráil maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ('an Comhaontú'). Síníodh an Comhaontú an 30 Deireadh Fómhair 2016.

(2) Le Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle[4], déantar foráil maidir le codanna den Chomhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach, lena n-áirítear bunú Chomhchoiste CETA. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 21 Meán Fómhair 2017 ann.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 26.1(5)(c) den Chomhaontú, féadfaidh Comhchoiste CETA leasuithe a mheas nó a chomhaontú mar a fhoráiltear sa Chomhaontú seo.

(4) Foráiltear le hAirteagal 30.2 den Chomhaontú go bhféadfaidh Comhchoiste CETA a chinneadh na prótacail agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo a leasú. De bhun Airteagal 26.3(3) den Chomhaontú, is de chomhthoil na bPáirtithe a dhéanfar an cinneadh sin.

(5) De bhun Airteagal 15(6) den Phrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta, prótacal a ghabhann le CETA ('an Prótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta'), tá an Grúpa Comhpháirteach Earnála le hathbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme oibríochtúil táirgí íocshláinte nó

---

[3] Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1).

[4] Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1080).

drugaí faoi mhír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta, d'fhonn na táirgí íocshláinte nó na drugaí sin a liostaítear i mír 1 d'Iarscríbhinn 1 a áireamh ann.

(6) An 15 Nollaig 2022, rinne an Grúpa Earnála Comhpháirteach athbhreithniú ar raon feidhme oibríochtúil an Phrótacail maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta agus mhol sé go n-áireofaí comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a liostaítear faoi láthair i mír 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta mar tháirgí íocshláinte nó mar dhrugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Prótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta.

(7) Tá Comhchoiste CETA le cinneadh a ghlacadh maidir leis na comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh i raon feidhme oibríochtúil na dtáirgí íocshláinte nó na ndrugaí a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta.

(8) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste CETA a bhunú ar bhonn an dréachtchinnidh ó Chomhchoiste CETA atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste CETA a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó mar dhrugaí a liostaítear in Iarscríbhinn 1 den Phrótacal maidir le Dea-chleachtais Mhonaraíochta a ghabhann le CETA, beidh sé bunaithe ar an dréachtghníomh ó Chomhchoiste CETA atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*